Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 30 Aibreán 2018
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0208 (COD)**

**8215/18**
**ADD 1 REV 1**

**CODEC 606**
**EF 118**
**ECOFIN 349**
**DROIPEN 55**
**CRIMORG 46**
**COTER 39**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir (AE) 2015/849 maidir le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, agus lena leasaítear Treoir 2009/138/CE agus Treoir 2013/36/AE **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráitis |

## Ráiteas ón Ostair

"Tá imní nach beag ar an Ostair nach bhfeabhsaíonn an téacs reatha an trédhearcacht faoin úinéireacht thairbhiúil nach mór a bheith ann chun mí-úsáid iontaobhas chun críocha sciúradh airgid agus maoinithe lucht sceimhlitheoireachta a sheachaint. Is ríléir gur gá clárlanna úinéirí tairbhiúla éigeantacha atá lárnach agus poiblí a bhunú i ndáil le hiontaobhais sa Bhallstát ar faoina dhlí a rialaítear na hiontaobhais sin (Airt. 31 de Threoir 2015/849). Ar an drochuair, cuireann an téacs reatha fós leis an easpa trédhearcachta faoin úinéireacht thairbhiúil iontaobhas sa mhéid agus go dtugtar anaithnideacht d'úinéirí tairbhiúla i ndáil le cineálacha áirithe iontaobhas. Dá bhrí sin, iarrann an Ostair go leigheasfaí an easpa follasach sin ar chreat AML/CFT sin an Aontais atá le teacht."

**Ráiteas ón gCoimisiún 1**

"Is oth leis an gCoimisiún nach ndearnadh foráil sa treoir athbhreithnithe don leibhéal céanna trédhearcachta maidir le húinéireacht thairbhiúil iontaobhas brabúsach agus a rinneadh do chuideachtaí agus eintitis dhlíthiúla eile.

Cuireann an Coimisiún i bhfios go láidir gur den ríthábhacht ag reachtaíocht an Aontais, i bhfianaise phrionsabail ghinearálta dhlí an Aontais agus an dualgais maidir le cúiseanna a lua, cúiseanna leordhóthanacha, sonracha, leormhaithe agus atá slán ó thaobh dlí a áirithiú maidir leis an rochtain ar an bhfaisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil a áirítear trí na cláir lárnacha. Ní mór a nochtadh go slán soiléir sa ráiteas sin réasúnaíocht an té a cheap an beart, agus sin a dhéanamh ar bhealach a chuirfidh ar a gcumas siúd lena mbaineann teacht ar na cúiseanna a bhí leis an mbeart agus ar chumas na gcúirteanna inniúla a gcumhacht athbhreithnithe a fheidhmiú. Ó tharla go bhfuil gá le trédhearcacht i ngnóthaí corparáideacha d'fhonn leasa tríú páirtithe a chosaint agus go mbaineann an ghné sin den Treoir le hAirteagal 50 CFAE, measann an Coimisiún go bhfuil údar cuí le rochtain phoiblí a thabhairt ar fhaisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil cuideachtaí agus gnólachtaí. Is oth leis gur mheas an Pharlaimint agus an Chomhairle nár cheart an ghné sin a thuiscint ach mar fho-éifeacht dhearfach agus nach gá Airteagal 50 CFAE a lua mar bhunús dlí breise.

Mar sin féin, ós rud é nach dtugtar iarmhairtí dlíthiúla le tuiscint le hAirteagal 114 CFAE mar bhunús aonair dlí, tá glacadh ag an gCoimisiún le leagan deiridh na treorach."

**Ráiteas ón gCoimisiún 2**

"Cuireann an Coimisiún i dtreis an gá atá leis na húinéirí tairbhiúla a shainaithint agus a fhíorú, agus cuireann sé san áireamh nach bhfuil sa scairshealbhóireacht shonrach nó sa tairseach sin maidir le leas úinéireachta, a shonraítear sa Treoir ach treoir, agus nach bhfuil ann ach fachtóir fianaiseach amháin i measc iliomad eile atá le cur san áireamh. Toisc go bhfuil riosca bunúsach ag baint le heintitis neamhairgeadais nach bhfuil gníomhach i ngníomhaíocht ghnó, ba cheart d'eintitis faoi oibleagáid tairseach níos ísle a chur i bhfeidhm maidir lena n-úinéireacht thairbhiúil faoi seach a bhunú. Ba cheart gurbh amhlaidh an cás, go háirithe, i gcás eintitis neamhairgeadais éighníomhacha arbh fhothacar d'eintitis intuarascála go léir iad, mar a shainítear sa Treoir maidir le Comhar Riaracháin agus sa chaighdeán idirnáisiúnta maidir le malartú uathoibríoch faisnéise (AEOI) a d'fhorbair ECFE."

**Ráiteas ón Ísiltír**

"Cé go dtacaíonn an Ísiltír leis an Treoir lena leasaítear Treoir (AE) 2015/849 maidir le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, tá imní mar sin féin, ar an Ísiltír maidir leis an tréimhse trasuí de 20 mí atá leagtha amach do Bhallstáit clár don fhaisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil na n-iontaobhas agus comhshocruithe dlíthiúla comhchosúla a shocrú. Tá trasuí gasta agus cur chun feidhme na leasuithe sna Ballstáit aonair tábhachtach. Mar sin féin, i gcás na mBallstát sin - mar atá san Ísiltír - nach bhfuil iontaobhais agus comhshocruithe dlíthiúla comhchosúla faoi riail ag an dlí náisiúnta agus i gcás nach ann fós d'oibleagáid chlárúcháin na n-iontaobhas, meastar go bhfuil sé thar a bheith uaillmhianach go mbeadh cláir don fhaisnéis faoi úinéireacht thairbhiúil i bhfearas laistigh de 20 mí tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí seo".